



Sochar Cumais Pháirtigh

Cad is Sochar Cumais Pháirtigh ann?

Is é is Sochar Cumais Pháirtigh ann ná scéim leasa shóisialaigh a ligeann duit filleadh ar obair (má tá cumas laghdaithe oibre ionat) agus leanúint d'íocaíocht a fháil ón Roinn seo.

Ní ceadmhach duit obair a dhéanamh go dtí go mbeidh cead i scríbhinn faighte agat ón Roinn seo chun a leithéid a dhéanamh. Ba chóir duit cead do dhochtúra a fháil freisin sula nglacfa le fostaíocht. Níl aon srian ar thuilleamh ná ar líon uaireanta an chloig a oibríonn tú.

Conas a cháilítear?

Chun cáiliú don Sochar Cumais Pháirtigh, ní mór duit ceachtar acu seo a bheith á fháil agat faoi láthair:

- Sochar Breoiteachta (le 6 mhí anuas ar a laghad), **nó**
- Pinsean Easláine.

Déanfaidh Measúnóir Leighis measúnú ar an srian atá ar do chumas oibre. B'fhéidir go mbeadh ort freastal ar mheasúnú leighis mar gheall air seo. Ba chóir duit an fhianaise leighis chuí ar fad a chur in éineacht le d'iarratas. Cáileoidh tú don Sochar Cumais Pháirtigh má mheasúnaítear an srian ar do chumas oibre a bheith measartha/meánach, trom nó domhain. Má mheasúnaítear é a bheith éadrom, ní cháileoidh tú agus déanfar athbhreithniú freisin ar d'intofacht leantach don Sochar Breoiteachta nó don Pinsean Easláine. Má cháilíonn tú don Sochar Cumais Pháirtigh, ní bheidh ort teastais dochtúra a chur isteach chugainn.

Cé mhéid is féidir a fháil?

Tá an Sochar Cumais Pháirtigh comhdhéanta de ráta pearsanta duit féin agus is féidir go gcuimseoidh sé méaduithe do do dhuine fásta cáilithe agus do do leanbh/leanaí cáilithe.

Conas a ríomhtar an íocaíocht?

Bunaítear ráta **pearsanta** na híocaíochta ar an measúnú ar an srian ar do chumas oibre agus ar cibé acu a bhí nó nach raibh Sochar Breoiteachta nó Pinsean Easláine á fháil agat. Bunaítear an íocaíocht ar do mheasúnú leighis mar seo thíos:

Measúnú Leighis	% de do ráta pearsanta d'íocaíocht an tSochair Bhreoiteachta nó an Phinsin Easláine
Measartha/Meánach	50
Trom	75
Domhain	100

Tabhair faoi deara

Fanann na coinníollacha ó thaobh méadú a íoc do dhuine fásta cáilithe agus/nó do leanbh/leanaí cáilithe mar an gcéanna leis na coinníollacha sin a bhain le d'éileamh ar Shochar Breoiteachta nó ar Pinsean Easláine.

Má bhí Pinsean Easláine á fháil agat agus má bhí teidlíocht agat ar Shaorthaisteal nó ar Liúntas Oileáin, tá cead agat iad a choinneáil má cháilíonn tú don Sochar Cumais Pháirtigh. Má bhí Sochair don Líon Tí (Leictreachas/Gás, Teilifís) á bhfáil agat, tá cead agat iad a choinneáil freisin, faoi réir tástála acmhainne tar éis dhá bhliain.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar www.welfare.ie.

Conas a fhaightear an íocaíocht?

Íocfar an Sochar Cumais Pháirtigh go díreach isteach i do chuntas i mbanc nó i gcumann foirgníochta Éireannach (ní ghlacfar le cuntas morgáiste).

Arna eisiúint ag:

Seirbhísí Eolais

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Bóthar an Choláiste

Sligeach

Chun a thuilleadh eolais a fháil:

• Logáil isteach ar www.welfare.ie.

• Guthán: (071) 919 3302

Íosghlao: 1890 66 22 44

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar + 353 71 91 93302, le do thoil.

• Buail isteach chuig d'Ionad Faisnéise áitiúil do Shaoránaigh, do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Cá fhad a mhaireann an íocaíocht?

Mairfidh an íocaíocht fad is a bheidh teidlíocht bhunúsach agat ar íocaíocht an tSochair Bhreiteachta nó an Phinsin Easláine. Tá do theidlíocht leantach ar an Sochar Cumais Pháirtigh faoi réir athbhreithnithe agus is féidir go mbeidh ort freastal ar mheasúnú leighis ó Mheasúnóir Leighis.

Coinníollacha le linn do dhuine Sochar Cumais Pháirtigh a fháil

Féadfaidh tú a bheith dícháilithe ón Sochar Cumais Pháirtigh a fháil:

- 1 Má theipeann ort, gan chúis mhaith, freastal ar mheasúnú leighis ó Mheasúnóir Leighis.
- 2 Má theipeann ort bualadh le hoifigigh ar bith ón Roinn seo agus ceisteanna réasúnacha ar d'éileamh a fhreagairt.
- 3 Má theipeann ort treoracha do dhochtúra a chomhlíonadh.

An bhfuil cead agam Sochar Breiteachta nó Pinsean Easláine a fháil arís?

Tá cead agat Sochar Breiteachta nó Pinsean Easláine a fháil arís má thagann, mar shampla, deireadh le d'fhostaíocht nó má fhaigheann tú amach nach féidir leat leanúint de do chuid oibre a dhéanamh.

Conas a dhéantar iarratas?

Déan teagmháil, le do thoil, le:

Rannóg an tSochair Chumais Pháirtigh

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Arás Mhic Dhiarmada

Sráid an Stórais

Baile Átha Cliath 1

Guthán: (01) 704 3950/3039/3735/3991

Íosghlao: 1890 928 400

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar +353 1 704 3300, le do thoil.

Ríomhphost: tríd an nasc i limistéar an tSochair Chumais Pháirtigh ar www.welfare.ie.

Ó am go ham athraíonn na coinníollacha cáiliúcháin le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó lenár Seirbhísí Eolais le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfaidh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).

Tá an t-eolas sa bhileog seo i gceart agus é ag dul i gcló.